EUROPEAN CHEMICALS AGENCY
BOARD OF APPEAL

# Treoracha cleachtais do pháirtithe chun achomharc a dhéanamh os comhair Bhord Achomhairc na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán

14.03.2023

## CLÁR NA nÁBHAR

**A. Réamhrá** ... **1**

**B. Cumarsáid leis an mBORD ACHOMHAIRC** ... **1**

Modhanna cumarsáide ... 1

Ceanglais maidir le cumarsáid tríd an bhfoirm ghréasáin nó tríd an ríomhphost ... 2

Cóipeanna de dhoiciméid nós imeachta ... 3

**C. Táille Achomhairc** ... **4**

Íocaíocht na táille achomhairc ... 4

Laghdú ar an táille achomhairc ... 5

Aisíocaíocht na táille achomhairc ... 5

**D. Aighneachtaí scríofa** ... **5**

Fógra achomhairc ... 5

Achomharc amháin á thionscain ag roinnt achomharcóirí ... 6

Cosaint ... 7

Aighneachtaí iardain ... 7

Teorainneacha ama agus síneadh a ríomh ... 8

Teanga ... 8

Leagan amach gach aighneacht ... 9

Iarscríbhinní agus Fianaise ... 10

Ionadaí ... 11

An fógra achomhairc a fhógairt ... 11

Tabhairt chun rialtachta an fhógra achomhairc agus aighneachtaí eile ... 12

**E. Iarratais ar rúndacht** ... **12**

Nithe nach mór breithniú orthu sula leagfar isteach éileamh ar rúndacht ... 12

Conas iarratas ar rúndacht a leagan isteach ... 13

Leaganacha d’aighneachtaí nach bhfuil rúnda ... 14

**F. Nós imeachta idiragartha** ... **14**

**G. Bac ar imeachtaí** ... **15**

**H. Nós Imeachta ó Bhéal** ... **16**

Iarratas ar éisteacht ... 16

An teanga atá le húsáid sna himeachtaí ó bhéal ... 16

Toghairm ... 16

Ionad na héisteachta ... 17

Freastal ar an éisteacht ... 17

**I. Foilsiú cinntí** ... **18**

**J. Teacht i bhfeidhm na dtreoracha cleachtais seo** ... **18**

## A. RÉAMHRÁ

1. Is é is cuspóir do na Treoracha Cleachtais seo treoir a chur ar fáil do na páirtithe agus dá n-ionadaithe maidir le gnéithe praiticiúla na n-imeachtaí achomhairc os comhair Bhord Achomhairc ('an Bord') na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht').

2. Glacadh na Treoracha Cleachtais sin i gcomhréir le hAirteagal 27(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 771/2008 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2008 lena leagtar síos rialacha eagrúcháin agus nós imeachta Bhord Achomhairc na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán[1] ('na Rialacha Nós Imeachta') arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/823 ón gCoimisiún[2]. Cuireann na Treoracha Cleachtais na Rialacha Nós Imeachta i bhfeidhm trí níos mó sonraí a sholáthar maidir le próiseáil achomharc; ní dhéanann siad na Rialacha Nós Imeachta a leasú ná a ionadú.

3. Glacadh na Treoracha Cleachtais ar dtús an 8 Márta 2010 agus nuashonraíodh iad an 29 Feabhra 2017 tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin ón gCoimisiún lena leasaítear na Rialacha Nós Imeachta. Leis an nuashonrú nua sin ar na Treoracha Cleachtais, cuirtear san áireamh an cleachtas riaracháin a bhaineann le próiseáil achomharc, tugtar isteach athruithe a bhaineann le modhanna cumarsáide idir na páirtithe in imeachtaí achomhairc agus Clárlann an Bhoird ('an Chlárlann') agus le gnéithe eagraíochtúla na n-éisteachtaí roimh an mBord, eadhon maidir le héisteachtaí a reáchtáiltear go cianda.

4. Chun dea-fheidhmiú na n-imeachtaí a áirithiú, iarrtar ar pháirtithe na Treoracha Cleachtais seo a leanúint go cúramach.

## B. CUMARSÁID LEIS AN mBORD ACHOMHAIRC

5. Ní mór gach doiciméad nós imeachta, amhail an fógra achomhairc, an chosaint agus iarratais ar idiragairt, chomh maith le haon chomhfhreagras eile a sheoltar chuig an mBord, a chur faoi bhráid na Clárlainne.

6. Aon sonraí pearsanta a chuirtear faoi bhráid an Bhoird agus a Chlárlainne le linn na n-imeachtaí achomhairc, cosnaítear iad faoi Rialachán (AE) 2018/1725. Déantar sonraí den sórt sin a phróiseáil i gcomhréir le beartas cosanta sonraí na Gníomhaireachta[3].

### Modhanna cumarsáide

7. Moltar go láidir do pháirtithe agus d'idiragraithe a bhfuil sé beartaithe acu achomharc in aghaidh nósanna imeachta doiciméid nós imeachta a thaisceadh trí úsáid a bhaint as **an bhfoirm ghréasáin thiomnaithe** atá ar fáil ar rannán an Bhoird de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

Leis an bhfoirm ghréasáin is féidir doiciméid níos mó a chur isteach ná mar is féidir a chur isteach trí aon ríomhphost amháin (féach mír 12 thíos). Ina theannta sin, trí dhoiciméid a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha san fhoirm ghréasáin, is

1 IO L 206, 2.8.2008, lch. 5.

2 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/823 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 771/2008 lena leagtar síos rialacha eagrúcháin agus nós imeachta Bhord Achomhairc na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (IO L 137, 26.5.2016, lch. 4).

3 Tá tuilleadh eolais faoi bheartas cosanta sonraí na Gníomhaireachta le fáil anseo.

lú seans go bhfágfaidh páirtithe agus idiragraithe faisnéis a cheanglaítear leis na Rialacha Nós Imeachta ar lár. Cuireann sé seo teorainn leis an ngá atá le haighneachtaí a thabhairt chun rialtachta.

Féadfaidh na Páirtithe doiciméid nós imeachta a thaisceadh freisin tríd an ríomhphost, trí fhacs, tríd an bpost nó de láimh.

8. Ní mór doiciméid nós imeachta a chuirtear isteach le ríomhphost a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: appeal@echa.europa.eu.

9. Seo a leanas an seoladh chun doiciméid a chur isteach nó a sheoladh tríd an bpostas:

An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán
Clárlann an Bhoird Achomhairc
Bosca P.O. 400:
00121 Heilsincí
An Fhionlainn

10. Féadfar doiciméid a leagan isteach de láimh chuig fáiltiú na Gníomhaireachta i rith a huaireanta oscailte freisin[4]:

Telakkakatu 6
00150 Heilsincí
An Fhionlainn

11. Is faoin seoltóir atá sé a chinntiú go bhfaighidh an Chlárlann na doiciméid ar fad laistigh den teorainn ama a leagtar amach sa reachtaíocht ábhartha.

## Ceanglais maidir le cumarsáid tríd an bhfoirm ghréasáin nó tríd an ríomhphost

12. Agus doiciméid nós imeachta á seoladh tríd an bhfoirm ghréasáin nó tríd an ríomhphost, ní mór na ceanglais bhreise seo a leanas a chur san áireamh:

(a) agus an fhoirm ghréasáin á húsáid, is é 100 meigibheart (MB) an t-uasmhéid comhaid.

(b) má roghnaíonn na páirtithe gan an fhoirm ghréasáin a úsáid agus doiciméid a sheoladh tríd an ríomhphost a úsáid, ba cheart dóibh a thabhairt faoi deara gurb é 10 MB uasmhéid an ríomhphoist, lena cheangaltáin go léir.

Ní mór aon ríomhphost os cionn mhéid 10 MB a roinnt dá bhrí sin ina dhá ríomhphost nó níos mó ina bhfuil gach ríomhphost níos lú ná 10 MB agus a sheoladh i gcodanna éagsúla. I gcás a leithéid de sheoladh roinnte, ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sa teachtaireacht chumhdaigh:

- uimhir an achomhairc, má tá fáil uirthi, nó píosa eolais a thabharfaidh an cinneadh faoi chonspóid le fios;

---

4 Is féidir teacht ar uaireanta oscailte na hoifige fáiltithe, lena n-áirítear liosta laethanta saoire poiblí, ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

- teideal na haighneachta (e.g. fógra achomhairc, cosaint, barúlacha ar an gcosaint, iarratas ar idiragairt);

- an líon iomlán ríomhphost, a n-uimhir sheicheamhach agus uimhreacha leathanach na mbileog atá á leagan isteach (e.g. ríomhphost uimh. 1 (de 5) a n-áirítear leis leathanaigh 1-25 den fhógra achomhairc nó a bhfuil Iarscríbhinn A agus B istigh leis).

(c) chun sláine an doiciméid a áirithiú, ní ghlacfar ach le cóip den bhunchóip nó de dhoiciméad a bhfuil síniú digiteach infhíoraithe air i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir le síniú leictreonach.

13. Agus a chéad aighneacht chuig an mBord á leagan isteach aige, iarrtar ar an bpáirtí i gceist an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) luafar cé acu an aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé go ndéantar doiciméid a bhaineann le himeachtaí achomhairc a sheirbheáil air nó, i gcás inarb iomchuí, ar a ionadaí tríd an ríomhphost nó trí mhodhanna teicniúla cumarsáide eile (e.g. néalseirbhísí a úsáid);

(b) seoladh ríomhphoist a thabhairt a bhféadfadh an Chlárlann a úsáid chun na críche sin.

Tabhair do d’aire le do thoil go mbíonn doiciméid ón gClárlann i bhformáid PDF nuair a iarrtar seirbhís tríd an ríomhphost. Ní mór na bogearraí chun an fhormáid sin a léamh a bheith ar ghléas an fhaighteora.

14. Sa chás go bhfuil sé tugtha le fios ag páirtí go n-aontaíonn sé go seirbheálfar doiciméid nós imeachta air nó ar a ionadaí tríd an ríomhphost nó trí mhodhanna cumarsáide teicniúla eile, tarchuireann an Chlárlann, más féidir, na doiciméid nós imeachta chuig an bpáirtí trí na modhanna teicniúla cumarsáide a nglactar leo.

I gcás ina seolann an Chlárlann doiciméid tríd an ríomhphost nó trí mhodhanna teicniúla cumarsáide eile, iarrtar ar fhaighteoirí a admháil go bhfuarthas na doiciméid sin gan mhoill.

## Cóipeanna de dhoiciméid nós imeachta

15. Sa chás go bhfuil doiciméad nós imeachta cúig leathanach déag nó níos faide (iarscríbhinní san áireamh), ní mór don pháirtí atá á leagan isteach cóipeanna den doiciméad sin a thabhairt don Chlárlann de réir na dtreoracha atá leagtha amach i míreanna 16 agus 17 thíos.

Féadann na páirtithe cóipeanna atá priontáilte ar dhá thaobh an leathanaigh a chur ar fáil don Chlárlann. Ba cheart do théacs an doiciméid bunaidh, áfach, a bheith ar thaobh amháin den leathanach (féach freisin mír 50(c) thíos).

16. Sa chás go leagtar isteach an aighneacht tríd an bpostas nó de láimh, bíodh ceithre chóip pháipéir in éineacht leis an doiciméad bunaidh sínithe.

17. Sa chás gur leagadh isteach an doiciméad nós imeachta roimhe sin go leictreonach, ní mór an doiciméad bunaidh sínithe a úsáideadh chun an leagan a seoladh go leictreonach a chruthú, chomh maith leis na ceithre chóip páipéir, a sheoladh tríd an bpostas nó a thaisceadh de láimh leis an gClárlann.

Sa chás gur leagadh isteach an doiciméad nós imeachta roimhe sin go leictreonach, seolfar na cóipeanna, gan aon cheartúchán ná leasú a bheith déanta orthu, fiú athrú beag, láithreach nó laistigh de 24 uair ar a dheireanaí tar éis don chóip leictreonach a bheith seolta.

Sa chás go bhfuil aon neamhréiteach idir an leagan a seoladh tríd an ríomhphost nó facs agus na leaganacha a seoladh ina dhiaidh sin tríd an bpostas nó a taisceadh de láimh, measfar gurb ionann an dáta ar taisceadh na doiciméid sin agus an dáta fála.

18. Nuair a chuirtear doiciméid isteach i bhformáid PDF (téacs agus íomhá), nuair is féidir, iarrtar ar na páirtithe na doiciméid PDF a chur ar fáil i bhformáid inchuardaithe, is é sin, priontáilte go PDF nó scanadh i bhformáid lenar féidir téacs a chuardach i léitheoir PDF.

## C. TÁILLE ACHOMHAIRC

### Íocaíocht na táille achomhairc

19. Sonraítear na rialacha infheidhme i leith íocaíocht na táille achomhairc sna Rialacháin Táille a bhaineann leis an Rialachán REACH[5] agus leis an Rialachán maidir le Táirgí Bithicíde[6] faoi seach.

Bíonn achomharcóirí freagrach as a chinntiú go n-íocfar an táille achomhairc ceart mar atá sonraithe sa Rialachán Táille cuí is déanaí a leasaíodh ar féidir teacht air in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*[7]. Chomh maith leis sin, nuair a bheidh an táille achomhairc á híoc acu, áiritheoidh na hachomharcóirí go gcomhlíonfaidh a n-íocaíocht aon rialacha eile is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir le smachtbhannaí trádála[8].

20. Ní mheastar achomharc a bheith faighte ag an mBord go dtí go mbeidh méid iomlán an táille achomhairc ábhartha faighte ag an nGníomhaireacht (Airteagal 10(5) de Rialachán Táille REACH agus Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le Táirgí Bithicíde). Caithfidh an t-achomharcóir, mar sin, an táille achomhairc a íoc sula leagfaidh sé an fógra achomhairc isteach. Ní sheolann an Chlárlann sonrasc.

21. Caithfidh an t-achomharcóir an méid ábhartha in euro (EUR) trí aistriú bainc. Is féidir teacht ar na sonraí cuntais bainc is infheidhme ar rannán an Bhoird de

---

5 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 i ndáil le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

6 Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

7 Chun achomhairc a dhéanamh i gcoinne cinntí a glacadh faoi Rialachán REACH, féach Rialachán (CE) Uimh. 340/2008 an 16 Aibreán 2008 maidir leis na táillí agus muirir atá iníoctha don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (IO L 107, 17.4.2008, lch. 6, 'an Rialachán Táille REACH').
Chun achomhairc a dhéanamh i gcoinne cinntí a glacadh faoin Rialachán maidir le Táirgí Bithicídeacha, féach Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún (AE) Uimh. 564/2013 an 18 Meitheamh 2013 maidir leis na táillí agus muirir atá iníoctha don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 19.6.2013, lch. 17, 'an Rialachán Táille BPR').

8 Féach, mar shampla, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014.

shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht le híocaíochtaí i bhfoirm airgid thirim ná le seiceanna.

Iompróidh agus íocfaidh an t-achomharcóir gach táille bhainc agus na rioscaí ábhartha a bhaineann le híocaíocht táille achomhairc a chuirtear faoi bhráid na Gníomhaireachta. Ba cheart mar sin treoir chuí a thabhairt do bhainc an achomharcóra. Tá sé éigeantach an IBAN agus na cóid BIC/SWIFT a úsáid laistigh den Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA).

Caithfear an t-achomharcóir/na hachomharcóirí a lua i réimse tagartha gach íocaíocht táille achomhairc, agus má tá fáil orthu, uimhir thagartha/uimhreacha tagartha an chinnidh faoi chonspóid agus dáta an chinnidh sin.

22. Caithfear cruthúnas íocaíochta a chur i gceangal leis an bhfógra achomhairc (Airteagal 6(2) de na Rialacha Nós Imeachta).

### Laghdú ar an táille achomhairc

23. Maidir le hachomharc a thaisctear i gcoinne cinneadh arna ghlacadh ag an nGníomhaireacht faoi Rialachán REACH, d'fhéadfadh achomharcóir a bheith i dteideal táille achomhairc laghdaithe más féidir leis a léiriú gur micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide ('FBM') é mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Táille REACH é.

Má tá achomharcóir i dteideal táille achomhairc laghdaithe (i.e. sa chás gur FBM é an t-achomharcóir), ní mór dó an Bord a chur ar an eolas faoi sin ag an am a thaisctear an fógra achomhairc (Airteagal 13(1) de Rialachán Táille REACH).

Maidir le hachomharc a taisceadh i gcoinne cinneadh arna ghlacadh ag an nGníomhaireacht faoin Rialachán maidir le Táirgí Bithicíde, tá táille achomhairc amháin ann a bhaineann le gach achomharcóir (féach Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir le Táillí BPR).

### Aisíocaíocht na táille achomhairc

24. Aisíoctar an táille achomhairc má cheartaíonn Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta an cinneadh atá á chonspóid, nó má chinntear an t-achomharc i bhfabhar an achomharcóra (Airteagal 10(4) de Rialachán Táille REACH, Airteagal 4(4) de Rialachán Táille BPR, agus Airteagal 21(1)(h) de na Rialacha Nós Imeachta).

25. Má tá an t-achomharcóir i dteideal aisíocaíocht a fháil ar an táille achomhairc, cuireann an Chlárlann in iúl d'aonad airgeadais na Gníomhaireachta go dtugtar treoir bhreise don achomharcóir maidir le haisíoc na táille achomhairc. Má tá an táille achomhairc le haisíoc, iarrfar ar an achomharcóir Foirm Eintitis Dhlítheanaigh (LEF) agus Foirm Aitheantais Airgeadais (BAF) a chomhlánú agus a leagan isteach, mar aon leis na doiciméid tacaíochta riachtanacha.

## D. AIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA

### Fógra achomhairc

26. Ní mór achomhairc a dhéanamh laistigh de thrí mhí ón gcinneadh a bheith curtha in iúl don duine lena mbaineann, nó ina éagmais sin, ón lá ar tháinig an duine sin ar an eolas faoi (féach Airteagal 92(2) de Rialachán REACH).

27. Ní mór achomharc a thaisceadh leis an mBord i scríbhinn i bhfoirm fógra achomhairc ina mbeidh, i measc faisnéise eile, na leigheasanna (an fhoirm ordaithe) atá á lorg, na pléadálacha dlí (mar shampla 'earráid measúnaithe') agus na hargóintí fíorais agus dlí ar a bhfuiltear ag brath (Airteagal 6(1)(e) de na Rialacha Nós Imeachta).

Liostaítear le hAirteagal 6(1) agus (2) agus Airteagal 9 de na Rialacha Nós Imeachta an fhaisnéis nach mór a áireamh leis an bhfógra achomhairc agus na doiciméid nach mór a bheith i gceangal leis.

Tá seicliosta a thacaíonn le hachomharc a chomhdú ar fáil ar rannán an Bhoird de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

28. Cé nach bhfuil aon leagan amach faoi leith riachtanach don fhógra achomhairc, moltar don achomharcóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara chun an nós imeachta a éascú agus iarratais ar shoiléiriú a sheachaint:

- ní mór foclaíocht chruinn na leigheasanna (an saghas ordaithe) atá á lorg ag an achomharcóir a lua ag tús nó ag deireadh an fhógra achomhairc. Ní mór don achomharcóir a shonrú an bhfuil an cinneadh á chonspóid ina iomláine nó i bpáirt. Sa chás deireanach sin, ní mór an chuid atá á conspóid a shonrú go soiléir;

- ní mór cuntas gearr ar na fíorais is cúis leis an díospóid a bheith san fhógra achomhairc;

- ní mór na pléadálacha dlí a bhfuil an t-achomharc bunaithe orthu a leagan amach go soiléir. Ní hamháin go gcaithfidh na pléadálacha dlí ar a bhfuil an t-achomharcóir ag brath mar thaca leis an achomharc a bheith san fhógra achomhairc, ach freisin cur i láthair gonta ar gach ceann de na hargóintí a thacaíonn leis na forais sin. Ba cheart argóintí dlí a leagan amach agus a ghrúpáil trí thagairt do na pléadálacha dlí faoi leith lena mbaineann;

- ní mór a shonrú go soiléir sna tagairtí do na hiarscríbhinní a ghabhann leis an bhfógra achomhairc suíomh na fianaise sna hiarscríbhinní agus míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtacaíonn an fhianaise dá dtagraítear leis an argóint atá i gceist.

Moltar na pléadálacha agus argóintí a chur i láthair go soiléir agus go beacht chun go dtuigfear níos fearr iad agus chun nach mbeidh gá iad a cheistiú tuilleadh.

29. Moltar gan an fógra achomhairc a bheith níos faide ná 30 leathanach (gan iarscríbhinní a áireamh) i bhformáid mhéid A4 ar mhaithe le héifeachtúlacht riaracháin. Ní mór gach argóint dlí a bheith istigh leis an bhfógra achomhairc féin.

## Achomharc amháin á thionscain ag roinnt achomharcóirí

30. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh an Bord glacadh le hachomharc ó níos mó ná achomharcóir amháin i gcoinne cinneadh ón Ghníomhaireacht. Agus an cinneadh á dhéanamh an t-achomharc a leagan isteach i gcomhpháirt, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

(a) ní mór an t-achomharc a bheith i gcoinne chinneadh céanna na Gníomhaireachta;

(b) ní mór do gach achomharcóir don achomharc pléadálacha dlí comhionanna, agus na fíricí agus fianaise céanna a chur i láthair;

(c) ní mór do gach achomharcóir aontú go sainráite go ndéanfadh ionadaí amháin ionadaíocht orthu chun críche na n-imeachtaí; agus

(d) níor cheart aon rúndacht a bheith ann idir na hachomharcóirí. Mar sin féin, má thagann saincheisteanna rúndachta den sórt sin chun cinn le linn na n-imeachtaí, is é an t-ionadaí a cheap na hachomharcóirí i gcomhar lena chéile atá freagrach as a chinntiú nach nochtar faisnéis rúnda i measc na n-achomharcóirí.

31. Má thíolactar achomharc i gcoinne chinneadh na Gníomhaireachta le chéile, is féidir fógra aonair achomhairc a chur isteach i dteannta a chéile agus ní theastaíonn ach táille achomhairc amháin.

32. Sa chás nach gcomhlíontar na critéir thuas maidir le hachomharc a chur isteach i gcomhpháirt, ní mór d'achomharcóirí atá ag déanamh agóide i gcoinne an chinnidh chéanna a n-achomharc a chur isteach ina n-aonar.

## Cosaint

33. Tá an fhaisnéis atá le háireamh sa chosaint liostaithe in Airteagal 7(2) de na Rialacha Nós Imeachta.

34. Ní mór foclaíocht bheacht na leigheasanna (foirm ordaithe) atá á lorg ag an nGníomhaireacht a lua ag tús nó ag deireadh na cosanta.

35. Ní mór aon fhíric atá líomhnaithe san fhógra achomhairc a bhfuil easaontú fúithi a shonrú, agus an bunús atá leis an easaontú a bheith sainráite.

36. Os rud é go bhfuil creat dlí na n-imeachtaí socraithe san fhógra achomhairc, ní mór na hargóintí dlí atá forbartha ag an gcosaint a bheith leagtha amach agus grúpáilte trí thagairt do na pléadálacha dlí mar atá siad leagtha amach san fhógra achomhairc.

37. Níl aon fhoráil sna Rialacha Nós Imeachta don fhéidearthacht pléadáil doghlacachta a dhéanamh i ndáil leis na himeachtaí trí aighneacht faoi leith. Ní mór, mar sin, aon dúshlán do ghlacacht, go hiomlán nó go páirteach, achomhairc a bheith san áireamh sa chosaint féin, mar aon leis na hargóintí a bhaineann le fiúntas an achomhairc.

38. Moltar gan an chosaint a bheith níos faide ná 30 leathanach (gan iarscríbhinní a áireamh) i bhformáid mhéid A4 ar mhaithe le héifeachtúlacht riaracháin. Ní mór gach argóint dlí a bheith istigh leis an gcosaint féin.

## Aighneachtaí iardain

39. Ní fhéadfaidh na páirtithe tuilleadh tuairimí a chur ar fáil maidir le haighneachtaí an pháirtí eile ach amháin má iarrann an Bord orthu amhlaidh a dhéanamh.

40. Is é cuspóir na n-aighneachtaí iardain ligean don achomharcóir agus don Ghníomhaireacht a seasamh a shoiléiriú nó a n-argóintí a bheachtú, agus freagra a thabhairt ar nithe nua a ardaíodh sa chosaint agus in aighneachtaí iardain eile. Féadfaidh an Bord ábhar na ndoiciméad nós imeachta sin a shonrú.

41. Ní mór aon fhíoras atá líomhnaithe in aighneacht an pháirtí eile agus atá faoi dhíospóid a shonrú agus an bunús atá lena conspóid a lua go sainráite.

42. Ní ceadmhach do pháirtithe aon phléadáil dlí nua a thionscnamh tar éis an chéad mhalartú pléadálacha scríofa mura ndéanann an Bord an cinneadh go bhfuil sé bunaithe ar ábhair nua dlí nó fíoras atá tagtha chun solais le linn na n-imeachtaí (Airteagal 12(2) de na Rialacha Nós Imeachta).

43. Moltar gan na haighneachtaí ina dhiaidh sin dá dtagraítear sa rannán seo a bheith níos faide ná 20 leathanach (gan iarscríbhinní a áireamh) i bhformáid méid A4 ar mhaithe le héifeachtúlacht riaracháin. Ní mór gach argóint dlí a bheith istigh leis an aighneacht iardain féin.

## Teorainneacha ama agus síneadh a ríomh

44. Chun críche teorainneacha ama a ríomh, ní mheastar doiciméad a bheith taiscthe go dtí go mbeidh sé faighte ag an gClárlann (Airteagal 10(2) de na Rialacha Nós Imeachta).

45. Tá na rialacha chun teorainneacha ama a ríomh leagtha amach in Airteagal 23 de na Rialacha Nós Imeachta.

46. D'fhéadfaí síneadh ama a chur leis na teorainneacha ama atá forordaithe ag an mBord nó ag an gCláraitheoir i rith na n-imeachtaí ach iarratas réasúnaithe a dhéanamh.

47. Ba cheart iarratais ar shíneadh a chur le teorainn ama a chur isteach i bhfad roimh dhul in éag an sprioc-ama a bhfuil síneadh á lorg ina leith. Cuirfidh sé sin ar chumas an pháirtí lena mbaineann an spriocdháta bunaidh a chomhlíonadh i gcás ina ndiúltaítear dá n-iarratas ar shíneadh ama.

48. Ní féidir síneadh a chur le teorainneacha ama áirithe i Rialachán REACH agus sna Rialacha Nós Imeachta, amhail iad siúd atá forordaithe chun fógra achomhairc a thaisceadh nó chun iarratas ar idiragairt a chur isteach.

## Teanga

49. Is í teanga an fhógra achomhairc teanga an cháis. Caithfear teanga an cháis a úsáid sna himeachtaí scríofa agus béil mura bhfuil úsáid teanga oifigiúla eile údaraithe ag an mBord i ndiaidh do pháirtí iarratas réasúnaithe a dhéanamh. Tá feidhm aige seo freisin i leith gach iarscríbhinn (ach amháin doiciméid tacaíochta; féach alt 55 thíos) nach mór aistriúchán i dteanga an cháis a bheith ag gabháil leis, más gá (Airteagal 14(2) de na Rialacha Nós Imeachta).

50. Más i dteanga eile nach teanga an chinnidh chonspóidigh é an t-achomharc, agus más é an t-achomharcóir an té a glacadh an cinneadh ina aghaidh, caithfidh an t-achomharcóir fianaise a chur ar fáil gur úsáideadh teanga an achomhairc in aighneachtaí roimhe sin ba shiocair leis an gcinneadh (an dara fo-alt d'Airteagal 14(1) de na Rialacha Nós Imeachta).

51. Agus aighneachtaí á ndréachtú acu, moltar do na páirtithe a chur san áireamh go n-aistreofaí go Béarla gach doiciméid a leagfar isteach, mar gurb é an Béarla teanga oibre na Gníomhaireachta agus mar go n-úsáideann baill an Bord agus an Chlárlann é ina gcuid gníomhaíochtaí a bhaineann le hachomhairc.

## Leagan amach gach aighneacht

52. Ní mór síniú agus dáta a bheith ar gach aighneacht (Airteagal 10(1) de na Rialacha Nós Imeachta).

53. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis seo a leanas ar chéad leathanach aon aighneacht a leagtar isteach leis an mBord:

(a) teideal na haighneachta (fógra achomhairc, cosaint, iarratas ar idiragairt, ráiteas idiragartha, freagraí do cheisteanna, etc.);

(b) uimhir an achomhairc (A-...-...) sa chás go bhfuil sí sin fógartha ag an gClárlann cheana féin, nó, sa chás nach bhfuil, uimhir agus dáta chinneadh na Gníomhaireachta faoi dhíospóid;

(c) ainm agus seoladh an pháirtí atá ag taisceadh na haighneachta;

(d) má tá ionadaí ceaptha ag an bpáirtí, ainm agus seoladh gnó an ionadaí sin;

(e) ba cheart líon iomlán na leathanach a leagadh isteach a bheith tugtha le fios ar chéad leathanach gach aighneachta (e.g. '1 as 20') chun go mbeifear in ann a fhíorú go bhfuil doiciméid (doiciméid bhunaidh, iarscríbhinní mar aon lena gcóipeanna) a leagadh isteach chuig an mBord faighte ina n-iomláine;

(f) sa chás gur cuí, léiriú soiléir maidir le haon iarratas rúndachta atá infheidhme don aighneacht shonrach sin agus a bhfuil tuilleadh sonraí agus bonn cirt leis laistigh de dhoiciméad faoi leith atá ceangailte leis sin (féach Cuid E thíos); agus

(g) seoladh na seirbhíse agus, más infheidhme, aontú don tseirbhís a bheith curtha i gcrích tríd an ríomhphost nó trí mhodhanna teicniúla cumarsáide eile (féach freisin alt 13(a) thuas).

Ach amháin má chuireann na páirtithe doiciméid nós imeachta isteach trí úsáid a bhaint as an bhFoirm Ghréasáin dá dtagraítear i mír 7 thuas, cuirfear an fhaisnéis atá liostaithe thuas ar fáil trí úsáid a bhaint as an *bhFoirm Chumhdaigh* atá le fáil ar rannán an Bhoird de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

54. Mar go bpróiseálann an Chlárlann gach aighneacht go leictreonach, ba cheart do pháirtithe na riachtanais seo a leanas a chur san áireamh:

(a) ba cheart uimhreacha leantacha a chur ar gach alt den aighneacht;

(b) ba cheart uimhreacha leantacha a chur ar gach leathanach den aighneacht agus iarscríbhinní (roinnteoirí leathanaigh san áireamh). Is fearr na huimhreacha leathanaigh a bheith sa choirnéal ar thaobh na láimhe deise ar bharr gach leathanaigh;

(c) sa bhunchóip den aighneacht, ba cheart an téacs a bheith ar thaobh amháin den leathanach (i.e. ní 'recto verso'). Féadfar, áfach, na cóipeanna a sholáthraítear i gcomhréir le míreanna 14 go 16 thuas a phriontáil 'recto verso';

(d) ba cheart go mbeadh an chlófhoireann soléite (e.g. Verdana 10 nó Times New Roman 12), agus dréachtaithe le dóthain spáis idir na línte agus le himill dhóthanacha; agus

(e) níor cheart do dhoiciméid a bheith ceangailte nó greamaithe le chéile, le gliú nó le stáplaí mar shampla.

55. Ba cheart doiciméid tacaíochta, cosúil le cruthúnas íocaíochta an táille achomhairc, cruthúnas beithsine de réir dlí, an t-údarás chun gníomhú agus achoimre ar an achomharc, a bheith grúpáilte le chéile agus a bheith uimhrithe ina gceann agus ina gceann. Ní dhéantar na doiciméid sin a sheirbheáil ar aon idiragraí a n-údaraítear dóibh ina dhiaidh sin páirt a ghlacadh sna himeachtaí.

## Iarscríbhinní agus Fianaise

56. Caithfidh na páirtithe gach doiciméad ar mian leo go ndéanfaí breithniú orthu mar chuid de na himeachtaí a leagan isteach. Níl rochtain ag an mBord ar aon doiciméad a chuirtear faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh na himeachtaí achomhairc.

57. Níor cheart a leagan isteach mar iarscríbhinní ach doiciméad a luaitear i dtéacs d'aighneacht scríofa, cosúil leis an bhfógra achomhairc nó an chosaint, agus atá riachtanach chun na hargóintí atá istigh iontu a chruthú nó a léiriú.

58. Caithfidh na páirtithe agus na hidiragraithe a áirithiú go léireofar go soiléir an fhianaise a bhfuiltear ag úsáid chun tacú le hargóint san aighneacht ábhartha agus in aon iarscríbhinn ábhartha. Glacfar le sleachta as doiciméid fhada ar an gcoinníoll go bhfuil an comhthéacs ceart leis an sliocht. Ar iarratas ón mBord, caithfear an téacs iomlán a bhfuil sliocht tógtha as a chur ar fáil, más gá.

59. Ach amháin i gcás doiciméid tacaíochta a leagtar isteach le fógra achomhairc (féach alt 55 thuas), caithfear iarscríbhinní le doiciméid nós imeachta a dhréachtú i dteanga an cháis nó aistriúchán sa teanga sin a bheith ag gabháil leo. I gcás doiciméad fada, d'fhéadfadh aistriúcháin a bheith teoranta do na sleachta ábhartha. Mar sin féin, d'fhéadfadh an Bord aistriúchán níos cuimsithí nó níos iomláine a iarraidh ag am ar bith (an tríú fo-alt d'Airteagal 14(2) de na Rialacha Nós Imeachta).

60. Caithfear cloí leis na riachtanais fhoirmiúla seo a leanas nuair atáthar ag leagan isteach iarscríbhinní:

(a) caithfidh iarscríbhinní a bheith soléite. Ní ghlacfar le hiarscríbhinn mura bhfuil caighdeán an chló sásúil;

(b) ní mór uimhreacha a shainiú do na hiarscríbhinní (e.g. Iarscríbhinn 1, 2, 3, 4, etc.);

(c) ba cheart aon fhianaise (doiciméid nó aon chineálacha eile fianaise) a bhfuiltear ag úsáid a thabhairt le fios, a liostú agus a bheith ceangailte leis na haighneachtaí. Caithfear *Tábla Iarscríbhinní* a chur ar fáil do gach aighneacht (fógra achomhairc, cosaint, etc.). Ba cheart go mbeadh cur síos dóthanach ar ábhar gach iarscríbhinne chun iarscríbhinn amháin a idirdhealú ó iarscríbhinn eile sa tábla iarscríbhinní; agus

(d) ní mór don pháirtí a thabhairt le fios go soiléir na codanna den iarscríbhinn a mheastar a bheith ábhartha. Is féidir leis na páirtithe na Bileoga Fianaise atá ullmhaithe ag an gClárlann a úsáid chun na críche sin. Ba cheart don bhileog fianaise an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na fíricí nó na héilimh a bhfuil gach píosa fianaise beartaithe tacú leo a aithint, agus tagairt a dhéanamh don sliocht ábhartha san aighneacht,

- míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtacaíonn an fhianaise leis an bpléadáil agus an argóint atá á cur i láthair, agus
- an áit a bhfuil an sliocht/na sleachta san fhianaise atá ceaptha tacú leis an bhfíric nó pléadáil ábhartha a aithint go cruinn. Is féidir leis na páirtithe an sliocht/na sleachta ábhartha ina bhfuil an fhianaise atá á cur ar fáil a aibhsiú nó a mharcáil.

Is féidir le Páirtithe na foirmeacha thuasluaite (*Tábla Iarscríbhinní* agus *Bileog fianaise*) a fháil ar rannán an Bhoird de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

61. Níor cheart do pháirtithe doiciméid atá leagtha isteach cheana féin mar chuid d'aighneachtaí a rinneadh níos luaithe san achomharc céanna a leagan isteach arís. Nuair atá tagairt á dhéanamh do na haighneachtaí sin a cuireadh isteach ní ba luaithe, ní mór an chuid de na haighneachtaí ní ba luaithe sin a bhfuiltear ag déanamh tagairt dóibh a shonrú go soiléir, chomh maith leis an méid a bhfuiltear ag iarraidh a léiriú, agus an chaoi a léiríonn sé é.

62. Sa chás go dtugtar isteach fianaise tar éis an chéad mhalartú de phléadálacha scríofa, ní mór réasúnaíocht a thabhairt a mhíneoidh an mhoill atá ann í a thabhairt le fios (Airteagal 12(1) de na Rialacha Nós Imeachta).

## Ionadaí

63. Sa chás go bhfuil ionadaí seachtrach ceaptha ag páirtí nó ag idiragraí, caithfidh an t-ionadaí sin an t-údarás chun gníomhú atá eisithe ag an bpáirtí nó an t-idiragraí a bhfuiltear ag déanamh ionadaíochta ar a shon a sholáthar (Airteagal 9 de na Rialacha Nós Imeachta). Ní mór aon athrú ionadaíochta a chur in iúl i scríbhinn don Chlárlann gan mhoill.

Chun críche imeachtaí achomhairc, tuigtear gur ionann 'ionadaí' agus duine atá ag gníomhú ar son achomharcóra nó idiragraí ach nach fostaí é nó í de chuid an achomharcóra nó idiragraí sin.

## An fógra achomhairc a fhógairt

64. Foilseofar fógra faoi gach fógra achomhairc a taisceadh ar rannán an Bhoird de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta (Airteagal 6(6) de na Rialacha Nós Imeachta).

65. Caithfidh an t-achomharcóir achoimre ar an díospóid a cheangal leis an bhfógra achomhairc. D'fhéadfadh an Chlárlann an achoimre atá ullmhaithe ag an achomharcóir a úsáid chun an fógra atá le foilsiú faoin achomharc a ullmhú.

Níor cheart don achoimre a bheith níos faide ná leathanach agus ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh léi:

(a) ainm an achomharcóra;

(b) an cinneadh a bhfuiltear ag cur ina choinne;

(c) an réiteach a bhfuil an t-achomharcóir ag iarraidh; agus

(d) achoimre ar na príomhfhorais a bhfuiltear ag brath orthu.

66. Níor cheart don achomharcóir faisnéis rúnda a chur san achoimre. Foilsítear fógra an fhógra achomhairc tar éis déileáil le haon iarraidh ar rúndacht a bhaineann le

hábhar an fhógra agus ach amháin tar éis an spriocdháta 30 lá dá dtagraítear in Airteagal 93(1) agus (2) den Rialachán REACH a dhul in éag.

67. Go háirithe, ní mór dóthain faisnéise a chur ar fáil san fhógra maidir leis an gcás chun deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara ionchasacha iarratas a dhéanamh chun idiragairt a dhéanamh sna himeachtaí i gcomhréir le hAirteagal 8 de na Rialacha Nós Imeachta (féach freisin Cuid F thíos). I gcás ina gcinnfidh an Cathaoirleach i gcomhréir le hAirteagal 93(2) de Rialachán REACH nach bhfuil an t-achomharc inghlactha, cuirtear an fhaisnéis sin ar fáil san fhógra.

### Tabhairt chun rialtachta an fhógra achomhairc agus aighneachtaí eile

68. Sa chás nach bhfuil fógra achomhairc ag teacht leis na riachtanais atá leagtha amach in Airteagal 6(1)(a) go dtí (d) agus (2) de na Rialacha Nós Imeachta, socraíonn an Cláraitheoir tréimhse réasúnta chun an fógra achomhairc a chur ina cheart. Ní fhéadfar tréimhse den sórt sin a fhorordú ach aon uair amháin (Airteagal 6(3) de na Rialacha Nós Imeachta).

69. Tá riachtanais fhoirmiúla áirithe den fhógra achomhairc nach féidir a cheartú níos deireanaí, mar shampla, gan an táille achomhairc a bheith íoctha. Ba cheart d'achomharcóirí mar sin aire faoi leith a thabhairt go gcomhlíonann a n-aighneachtaí riachtanais an Rialachán REACH, na Rialacha Nós Imeachta agus na Treoracha Cleachtais seo.

70. Má chliseann ar an achomharcóir an fógra achomhairc a thabhairt chun rialtachta, cuireann an Cláraitheoir an t-ábhar faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird le haghaidh cinnidh maidir le hinghlacthacht an achomhairc (Airteagal 6(4) de na Rialacha Nós Imeachta).

71. D'fhéadfadh an Cláraitheoir freisin iarraidh go gceartófaí fógra achomhairc nó aighneacht eile sa chás nach ndéanann sé na Treoracha Cleachtais seo a chomhlíonadh.

## E. IARRATAIS AR RÚNDACHT

### Nithe nach mór breithniú orthu sula leagfar isteach éileamh ar rúndacht

72. Ba cheart go dtuigfeadh na páirtithe go gcruthaíonn iarratais ar rúndacht roinnt mhaith oibre breise do gach páirtí atá i gceist, an páirtí is iarrthóir san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart do na páirtithe, nuair is féidir, iarracht a dhéanamh gan faisnéis rúnda a úsáid agus a n-aighneachtaí á n-ullmhú acu. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh aon iarraidh ar fhaisnéis a láimhseáil go rúnda teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis.

73. Ar mhaithe leis an nós imeachta a éascú agus chun iarratais ar rúndacht nach bhfuil gá leo a sheachaint, ba cheart do na páirtithe a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

    (a) ní fhoilsítear ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta ach na doiciméid seo a leanas a thagann ón mBord:

    (i) an fógra achomhairc (Airteagal 6(6) de na Rialacha Nós Imeachta);

    (ii) cinneadh an Chathaoirligh lena ndearbhaítear go bhfuil cás neamh-inghlactha i gcomhréir le hAirteagal 93(2) de Rialachán REACH;

(iii) cinntí nós imeachta (mar shampla cinntí maidir leis an iarratas ar idiragairt agus cinntí rúndachta); agus

(iv) an cinneadh críochnaitheach, agus téacs an-ghearr ina ndéantar achoimre ar an gcinneadh críochnaitheach don phobal i gcoitinne;

Ní chuirtear doiciméid eile atá sa chomhad achomhairc ar fáil go poiblí;

(b) tá cinneadh ón gCathaoirleach a ghlactar de bhun Airteagail 6(6) agus 21(5) agus (6) de na Rialacha Nós Imeachta éagsúil ón gceart ginearálta rochtain a fháil ar dhoiciméid faoi Rialacháin (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 i ndáil le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin[9]. Tá cuspóir ar leith ag an measúnú a dhéantar ar iarratais ar rúndacht de bhun Airteagail 6(6) agus 21(5) agus (6) de na Rialacha Nós Imeachta mar go seoltar é i gcomhthéacs imeachtaí achomhairc faoi leith atá os comhair an Bhoird. D'fhéadfadh na leasanna a bhfuil breithniú le déanamh orthu, mar sin, lena n-áirítear an chaoi a ndéanfar iad a chothromú, a bheith éagsúil ó aon mheasúnú faoi Rialacháin (CE) Uimh. 1049/2001;

(c) mar nach féidir leis an mBord aon ní nár nochtadh idir na príomhpháirtithe sna himeachtaí a chur i gcuntas, ní cheadaítear rúndacht go ginearálta i leith na Gníomhaireachta ná an achomharcóra;

(d) foilsítear i gcónaí an fhaisnéis atá liostáilte in Airteagal 6(6) de na Rialacha Nós Imeachta i bhfógra an achomhairc (an dara fo-alt d'Airteagal 6(6) de na Rialacha Nós Imeachta); agus

(e) déanfar sonraí pearsanta a chuirtear isteach le linn imeachtaí achomhairc a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE[10].

## Conas iarratas ar rúndacht a leagan isteach

74. Ní mór iarratas sonrach a dhéanamh i scríbhinn agus a bhfuil údar leis go gcaithfí go rúnda le haon fhaisnéis atá i ndoiciméad a cuireadh isteach i ndáil le himeachtaí os comhair an Bhoird tráth a chuirtear an doiciméad isteach (Airteagal 6(1)(g) agus Airteagal 7(2)(d) de na Rialacha Nós Imeachta).

Mar sin féin, sa chás go nglactar le hidiragraithe sa chás, tugtar an deis do pháirtithe ag an gcéim sin rúndacht i leith na n-idiragraithe sin a iarraidh.

75. Ní mór iarratais ar rúndacht a leagan isteach trí iarratas faoi leith a chuirtear isteach i dteannta na príomhaighneachta. Ba cheart a thabhairt le fios freisin ar chéad leathanach na haighneachta go ndearnadh iarratas (féach freisin alt 53(f) thuas).

76. Caithfear na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas ar rúndacht faisnéise:

---

9 IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

10 IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

(a) tásc faoin bhfaisnéis a bhfuiltear ag iarraidh a choinneáil faoi rún, agus an áit a bhfuil sé san aighneacht (e.g. uimhir an leathanaigh agus an ailt);

(b) tásc a thugann le fios cé leis a mbaineann an t-iarratas, agus céard faoi é (e.g. an fógra nó an cinneadh deireanach);

(c) cur síos mionsonraithe ar an gcúis a bhfuil gá lena leithéid de rúndacht.

Ní ceadmhach aon fhaisnéis rúnda a bheith san áireamh in iarratas ar rúndacht mar go bhféadfadh na hiarratais a bheith curtha in iúl d'aon idiragraí a nglacfaí isteach sa chás. Ba cheart cur síos a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha mar sin trí chur síos cineálach.

77. Déanann an Cathaoirleach an cinneadh cibé an gcaitear le faisnéis faoi leith mar fhaisnéis rúnda, ag féachaint do gach cúinse an cháis féin (Airteagal 6(6) agus Airteagal 21(5) agus (6) de na Rialacha Nós Imeachta)[11].

Ní ghlacann an Cathaoirleach cinneadh réasúnaithe ar leith maidir le hiarraidh ar rúndacht ach amháin nuair is gá sin chun an cás a phróiseáil, go háirithe nuair a d'fhéadfadh sé gur ghá an fhaisnéis a iarrtar a choinneáil faoi rún a úsáid san fhógra agus/nó sa chinneadh deiridh nó i gcás ina ndéanann páirtí nó idiragraí agóid in aghaidh an iarratais ar rúndacht.

### Leaganacha d'aighneachtaí nach bhfuil rúnda

78. Ní éilítear ar pháirtithe leaganacha nach bhfuil rúnda a leagan isteach mura ligtear idiragraithe isteach sa chás. Faigheann na páirtithe treoracha ón gClárlann faoin gcaoi leaganacha nach bhfuil rúnda a ullmhú agus a leagan isteach, sa chás go bhfuil gá leis.

79. Ní fhíoraíonn an Bord ná a Chlárlann na leaganacha neamhrúnda arna gcur isteach ag na páirtithe. Dá bhrí sin, agus chun a chinntiú nach mbeidh faisnéis rúnda sna leaganacha neamhrúnda a leagtar isteach, ba cheart do na páirtithe a machnamh a dhéanamh ar chomhordú eatarthu faoin bhfaisnéis ar cheart í a scriosadh óna n-aighneachtaí sula leagann siad isteach a leaganacha neamhrúnda isteach chuig an gClárlann.

## F. NÓS IMEACHTA IDIRAGARTHA

80. Tá trí seachtaine ón dáta a fógraíodh an fógra achomhairc ag duine nó ag eintiteas ar mian leis idiragairt a dhéanamh in imeachtaí achomhairc atá in ann leas a léiriú i dtoradh an cháis, chun iarratas a dhéanamh chuig an mBord ar chead idiragartha (Airteagal 8 de na Rialacha Nós Imeachta).

81. Caithfear a áireamh leis an iarratas ar chead idiragartha an fhaisnéis arna leagan amach in Airteagal 8(4) agus Airteagal 9 de na Rialacha Nós Imeachta ní mór dó, go háirithe, an 'leas i dtoradh an cháis' a léiriú.

Mar sin féin, maidir le hachomhairc i gcoinne cinntí a bhaineann le measúnú substainteach, d'fhéadfadh an Ballstát a bhfuil an measúnú substainteach déanta

[11] Tá cinntí áirithe atá déanta ag an gCathaoirleach maidir le hiarratais ar rúndacht ar fáil ar rannán an Bhoird de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta. Is féidir na cinntí sin a úsáid mar threoir agus iarratas ar rúndacht á mbreithniú.

ag a údarás inniúil idiragairt a dhéanamh gan dualgas a bheith air leas a léiriú i dtoradh an cháis (an dara fo-alt d'Airteagal 8(1) de na Rialacha Nós Imeachta). Mar sin féin, ní mór dó riachtanais eile d'Airteagal 8 de na Rialacha Nós Imeachta a chomhlíonadh.

82. Ba cheart d'idiragraithe na treoracha do chumarsáidí agus aighneachtaí arna gcur ar fáil thuas a thabhairt faoi deara (féach go háirithe ar Chodanna B agus D).

83. Déanann an Chlárlann an t-iarratas ar chead idiragartha a sheirbheáil ar na páirtithe a dtugtar cuireadh dóibh barúlacha a chur isteach maidir leis an iarratas sin sula ndéanann an Bord cinneadh ina leith (an dara fomhír d'Airteagal 8(4) de na Rialacha Nós Imeachta).

84. Má cheadaíonn an Bord an idiragairt, faigheann an t-idiragraí cóip de gach doiciméad nós imeachta a chuir na páirtithe faoi bhráid an Bhoird Achomhairc sa chás atá i gceist. Eisiatar míreanna rúnda óna leithéid de chumarsáid (Airteagal 8(5) de na Rialacha Nós Imeachta).

85. Ní mór d'idiragraithe a thabhairt dá n-aire nach gceadaítear an fhaisnéis atá faighte acu i rith na n-imeachtaí achomhairc a úsáid ach amháin i gcomhthéacs na n-imeachtaí sin agus nár cheart dóibh í a nochtadh.

86. Socraíonn an Cathaoirleach tréimhse don idiragraí chun ráiteas idiragartha a sholáthar. Caithfear go n-áireofaí sa ráiteas idiragartha an fhaisnéis arna leagan amach in Airteagal 8(6) de na Rialacha Nós Imeachta.

87. D'fhéadfadh an Cathaoirleach cuireadh a thabhairt do na páirtithe barúlacha a thabhairt faoi aon ráiteas idiragartha a leagtar isteach (Airteagal 8(6) de na Rialacha Nós Imeachta).

88. Ba cheart d'idiragraithe a thabhairt faoi deara gur ról coimhdeach atá ag an idiragraí, mar gurb iad an t-achomharcóir agus an Ghníomhaireacht na príomhpháirtithe sna himeachtaí (an dara fo-alt d'Airteagal 8(3) de na Rialacha Nós Imeachta). Níl na cearta nós imeachta céanna ag na hidiragraithe agus atá ag na príomhpháirtithe. Go háirithe, ní gá go n-iarrfaí ar idiragraithe trácht a dhéanamh ar gach doiciméad nós imeachta agus níl sé de cheart acu éisteacht a iarraidh.

Anuas air sin, ní ceadmhach d'idiragraithe pléadálacha dlí nua a leagan isteach a d'athródh ábhar an cháis. Caithfear srian a bheith leis an idiragairt freisin sa mhéid nach mbeidh ann ach tacú leis an réiteach atá á iarraidh ag ceann de na páirtithe, nó cur ina aghaidh (an chéad fho-alt d'Airteagal 8(3) de na Rialacha Nós Imeachta).

## G. BAC AR IMEACHTAÍ

89. D'fhéadfadh an Bord, ar iarratas ó pháirtí nó as a stuaim féin, tar éis éisteacht a thabhairt do na páirtithe, bac a chur ar imeachtaí (Airteagal 25 de na Rialacha Nós Imeachta).

90. Má tá teorainn ama forordaithe ag an mBord Achomhairc chun imeachtaí a bhacadh, féadfaidh an Bord, tar éis dó na páirtithe a éisteacht, cinneadh a dhéanamh uaidh féin nó ar iarraidh ó pháirtí go ndéanfar na himeachtaí a atosú roimh dheireadh an bhaic.

91. Bíonn éifeacht ag an mbac ar imeachtaí an dáta atá tugtha le fios ar an gcinneadh na himeachtaí a chur ar fionraí nó, ina éagmais sin, ar dháta an chinnidh.

92. Cuirtear gach teorainn ama nós imeachta ar fionraí i rith na tréimhse nuair atá bac ar imeachtaí ach amháin don teorainn ama atá leagtha síos in Airteagal 8(2) de na Rialacha Nós Imeachta chun iarratas ar idiragairt a dhéanamh.

93. Sa chás nach socraítear sa chinneadh fad na tréimhse fionraí, bíonn deireadh leis ar an dáta atá tugtha le fios sa chinneadh chun na himeachtaí a thosú arís nó, ina éagmais sin, ar dháta an chinnidh sin.

94. Ó dháta atosú na n-imeachtaí tar éis baic, leanfaidh aon teorainneacha ama nós imeachta a cuireadh ar fionraí de bheith ag rith ó dháta an atosaithe sin mura gcinnfidh an Bord a mhalairt.

## H. NÓS IMEACHTA Ó BHÉAL

### Iarratas ar éisteacht

95. Cuireann an Bord na páirtithe ar an eolas faoi dhúnadh an nós imeachta scríofa (Airteagal 12(4) de na Rialacha Nós Imeachta). Féadann an Bord a chur in iúl freisin, san fhógra céanna, go measann sé go bhfuil gá le héisteacht. I gcás den sórt sin, níl feidhm ag mír 96 thíos.

96. Má mheasann páirtí go bhfuil gá le héisteacht, ní mór dó iarraidh chuige sin a chur isteach, tráth nach déanaí ná coicís ón dáta a dtugtar fógra faoi dhúnadh na coda scríofa de na himeachtaí (Airteagal 13(1) de na Rialacha Nós Imeachta). Sa chás go bhfuil an teorainn ama coicíse éagtha gan aon iarratas ar éisteacht a bheith faighte, d’fhéadfadh an Bord a bheith den tuairim go bhfuil gá le héisteacht mar sin féin. Cuirtear na páirtithe ar an eolas sa chás sin.

### An teanga atá le húsáid sna himeachtaí ó bhéal

97. Reáchtáiltear an éisteacht i dteanga an cháis (Airteagal 14(2) de na Rialacha Nós Imeachta).

98. Ba cheart iarraidh ar theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh seachas teanga an cháis a úsáid, i gcás inar féidir, in éineacht leis an iarraidh ar an éisteacht, nó ag an tráth a gcuireann Bord na heagraíochta éisteacht in iúl don pháirtí lena mbaineann. Ní mór údar a thabhairt le haon iarratas a dhéanfar chun teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh a úsáid seachas teanga an cháis. Déanann an Bord cinneadh faoin iarratas tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe do na himeachtaí (Airteagal 14(3) de na Rialacha Nós Imeachta).

### Toghairm

99. Tugtar fógra faoi thoghairm chun na héisteachta do na páirtithe, d’aon idiragraí a ligeadh isteach sa chás, agus d’aon duine eile ar tugadh cuireadh dóibh freastal ar an éisteacht. Sonraítear am, dáta agus ionad na héisteachta ar an toghairm chomh maith le tuilleadh faisnéise maidir le seoladh na héisteachta, go háirithe faisnéis faoi na hiarratais shainiúla atá déanta ag na páirtithe maidir le seoladh na héisteachta.

100. Foilsítear fógra faoin éisteacht ar rannán an Bhoird de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

## Ionad na héisteachta

101. Féadtar éisteachtaí a reáchtáil ar bhonn aghaidh ar aghaidh nó go cianda trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chomhchosúil.

102. Má reáchtáiltear an éisteacht ar bhonn aghaidh ar aghaidh, bíonn sí ar siúl in áitreabh na Gníomhaireachta i Heilsincí, an Fhionlainn. Tabharfaidh an Chlárlann fógra faoi thuilleadh eolais maidir le freastal ar an éisteacht do na páirtithe, d’aon idiragraí a ligeadh isteach sa chás, agus d’aon duine eile ar tugadh cuireadh dóibh freastal ar an éisteacht.

Ní féidir éisteachtaí a reáchtáil ar bhealach hibrideach, áit a mbíonn cuid d’ionadaithe na bpáirtithe i láthair in áitreabh na Gníomhaireachta agus bíonn cuid acu ag freastal go cianda ar an éisteacht. Nuair a thionóltar éisteacht i bpearsa, ní mór do na páirtithe go léir agus dá n-ionadaithe a bheith i láthair go pearsanta sa seomra céanna. Nuair a bheidh éisteacht ar siúl go cianda, beidh an Bord, na páirtithe agus a n-ionadaithe go léir i láthair ag an éisteacht óna n-áiteanna faoi seach.

Sula dtarlaíonn éisteacht chianchruinnithe, eagraíonn an Chlárlann seisiún tástála chun na naisc a sheiceáil agus aon saincheisteanna teicniúla a d’fhéadfadh a bheith ag rannpháirtithe na héisteachta a réiteach. Iarrtar ar ionadaithe uile na bpáirtithe freastal ar an seisiún tástála chun seoladh rianúil na héisteachta ar an dáta sceidealta a éascú.

Ba cheart do pháirtithe a thabhairt faoi deara go bhféadfadh na saincheisteanna teicniúla gan choinne a d’fhéadfadh a bheith ag aon duine de na daoine a bheidh i láthair le linn na héisteachta difear a dhéanamh d’éisteachtaí cianda. Dá bhrí sin, tá roinnt solúbthachta agus foighne ag teastáil ó gach duine atá i láthair.

## Freastal ar an éisteacht

103. Tionóltar an éisteacht go poiblí, ach amháin i gcás ina gcinneann an Bord um Bord srian a chur le poiblíocht, go páirteach nó go hiomlán. Féadfar é sin a dhéanamh, go háirithe, agus cineál rúnda faisnéise áirithe á cur san áireamh nach mór do na páirtithe, agus más iomchuí d’aon idiragraí a ligtear isteach sa chás, a bheith in ann plé a dhéanamh.

104. Ní féidir an dáta atá socraithe d’éisteacht a athrú ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, i gcomhthéacs na n-acmhainní agus na gcostas atá i gceist le heagrú éisteachta. Ní mór réasúnú cuí a bheith ag gabháil le haon iarraidh den sórt sin, agus doiciméid tacaíochta iomchuí a bheith ag gabháil léi, agus ní mór í a chur faoi bhráid an Bhoird a luaithe a bheidh an páirtí ar an eolas faoi na himthosca as ar tháinig an iarraidh.

105. Is é an Béarla teanga oibre an Bhoird, ach d’fhéadfaí teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a bheith ina teanga don chás. Nuair atá seirbhísí ateangaireachta ag teastáil le haghaidh éisteacht, faigheann na páirtithe fógra ón gClárlann faoin éisteacht ar a laghad dhá mhí roimh dháta na héisteachta cianda. Mar go bhfuil srianta ann a bhaineann le heagrú seirbhísí ateangaireachta, ní hiondúil go bhféadfaí glacadh le hiarratas ar dháta éisteachta a athrú. Murab é an Béarla teanga an cháis, d’fhéadfadh an t-achomharcóir glacadh leis fós go reáchtáiltear an éisteacht trí mheán an Bhéarla amháin.

106. Tá treoracha don phobal ar mian leo freastal ar an éisteacht le fáil ar rannán an Bhoird de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

## I. FOILSIÚ CINNTÍ

107. Foilsítear cinntí deireanacha an Bhoird ar rannán an Bhoird de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta a luaithe is a chuirtear na príomhpháirtithe leis na himeachtaí ar an eolas (Airteagal 21(5) de na Rialacha Nós Imeachta).

D’fhéadfadh saincheisteanna teicniúla nó saincheisteanna rúndachta nach bhfuil réitithe difear a dhéanamh d’fhoilsiú cinnidh chríochnaithigh. Tá leathanach ar rannán an Bhoird de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta inar féidir teacht ar théacs iomlán gach ceann de chinntí an Bhoird, faoi réir ag atheagair chuí chun críche rúndachta.

108. D’fhéadfadh an Bord an cinneadh a dhéanamh freisin cinntí áirithe nós imeachta eile a fhoilsiú ar a rannán féin de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, ar cinntí iad a glacadh i rith imeachtaí achomhairc (e.g. idiragairt nó cinntí rúndachta), chomh maith le hachoimrí ar chinntí deiridh.

## J. TEACHT I bhFEIDHM NA dTREORACHA CLEACHTAIS SEO

109. Foilsítear na Treoracha Cleachtais seo ar rannán an Bhoird de shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta. Bíonn feidhm leo an lá tar éis a nglactha.

---

AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH CEIMICEÁN
TELAKKAKATU 6, P.O. BOX 400,
FI-00121 HEILSINCÍ, AN FHIONLAINN
ECHA.EUROPA.EU

© AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH CEIMICEÁN, 2023
LEATHANACH CLÚDAIGH © AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH CEIMICEÁN